

Meastóireacht ar an Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta (2019-2022)

Foras Taighde ar Oideachas
&
An Roinn Oideachais agus Scileanna
19 Márta 2019



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

Príomhchuspóir na Meastóireachta

Is é an príomhchuspóir a bhaineann le staidéar meastóireachta ná tomhas a dhéanamh ar a mhéid agus atá feidhmiú na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta tar éis cuspóirí na *Scéime* agus an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 a shásamh. Léireoidh torthaí an staidéir mheastóireachta láidreachtaí na *Scéime* agus beidh siad mar bhonn eolais do thuilleadh feabhsúcháin chun oideachas ardcháilíochta trí mheán na Gaeilge a sholáthar d'fhonn aitheantas a fháil mar scoil Ghaeltachta. (Imlitir 09/2019)

An Mheastóireacht – Teagasc agus Foghlaim; Ceannaireacht agus Bainistíocht

- An Mheastóireacht ag díriú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar éifeacht na ceannaireachta agus na bainistíochta
- Cuairteanna meastóireachta ar sheomraí ranga /breathnú ar dhoiciméid
- Cruinnithe (fócas-ghrúpaí) le daltaí / scoláirí
- Agallaimh le foireann bainistíochta shinsearach na scoile
- Agallaimh le foireann tacaíochta don teagasc breise sa Ghaeilge
- Agallaimh leis an mBord Bainistíochta
- Tréimhse phíolótach - Meán Fómhair 2019 (3 scoil)
- Tréimhse mheastóireachta – Meán Fómhair go Nollaig 2019
- Ní bheidh na tuairiscí meastóireachta ar scoileanna aonair á bhfoilsíú
- Déanfar iarracht gan meastóireacht na gcigirí agus an FTO a bheith ag feidhmiú sna scoileanna céanna.

Téamaí na Meastóireachta

1. Cé chomh mór agus atá **athrú tagtha ar an meán teagaisc ó Bhéarla go Gaeilge** i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach?
2. Conas mar atá **úsáid na Gaeilge** i measc múinteoirí, daltaí/scoláirí agus tuismitheoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach?
3. Cad í cáilíocht an teagaisc **agus na foghlama sa tumoideachas** i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach?
4. Conas mar a thacaíonn **naisc scoile leis an bpobal** le húsáid na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach?
5. Cad iad **dearcthaí daltaí/ scoláirí, príomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí** i leith na Gaeilge?
6. Cad iad **na gnéithe** den Scéim Aitheantas Scoileanna Gaeltachta **is éifeachtaí** maidir leis an tumoideachas a chur i bhfeidhm sna scoileanna atá páirteach?
7. Cad í cáilíocht na ceannaireachta i leith fheidhmiú na **gcritéar teanga-bhunaithe don tumoideachas?**

Na Doiciméid a Threoireoidh an Taighde

- Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (ROS, 2016)
- Critéir theanga-bhunaithe don aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta (Imlitir 0033/2017)
- Critéir theanga-bhunaithe don aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta (Imlitir 0034/2017)
- Na Príomhtheachtairí ó Chuirteanna Comhairleacha na Cigireachta - Tuairisc Achomair (12/2018)
- Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta - Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtas (COGG, 2018)
- Dréacht-treoir d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta - Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtas (COGG, 2018)

Naisc idir na Téamaí agus na Critéir Theanga-bhunaithe – Téama 1 (Bunscoileanna)

Téama	Critéir Theanga-bhunaithe
<p>1. Cé chomh mór agus atá athrú tagtha ar an meán teagaisc ó Bhéarla go Gaeilge i mbunscoileanna (agus in iar-bhunscoileanna) atá páirteach?</p>	<ol style="list-style-type: none">1. Clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn.2. Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge.3. Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla.4. Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seachchuraclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge.

Naisc idir na Téamaí agus na Critéir Theanga-bhunaithe – Téama 1 (Iar-bhunscoileanna)

Téama	Critéir Theanga-bhunaithe
<p>1. Cé chomh mór agus atá athrú tagtha ar an meán teagaisc ó Bhéarla go Gaeilge (i mbunscoileanna agus) in iar-bhunscoileanna atá páirteach?</p>	<ol style="list-style-type: none">1. Leathnú ar an bhfáil ar churaclam a bhfuil cur chuige lántumtha aige, áit a múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla agus teangacha eile, trí Ghaeilge.2. Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas don Bhéarla agus teangacha iasachta.3. Gníomhaíochtaí curaclaim, comhchuraclaim agus (más ann dóibh) gníomhaíochtaí seachchuraclaim, a sholáthar trí Ghaeilge

An Próiseas Taighde

- Dhá staidéar fadtéarmacha
 - Staidéar 1: Naíonáin Shóisearacha 2018-19 a leanúint go Rang a hAon (2020-21)
 - Staidéar 2: Scoláirí na chéad bhliana 2018-19 a leanúint go dtí an tríú bliain (2020-21)
- Trí staidéar gearrthréimhseacha
 - Staidéar 3: Daltaí Rang a Sé i 2019-20
 - Staidéar 4: Scoláirí na Séú Bliana i 2020-21
 - Staidéar 5: Daltaí Rang a Ceathair i 2020-21

Rannpháirtithe i dTaighde an FTO

- Príomhoidí / Ceannairí na ranna ábhair
- Múinteoirí ranga/ Múinteoirí ábhair/ Múinteoirí Teanga don Ghaeilge/
Múinteoirí Riachtanais Speisialta Oideachais
- Daltaí/ Scoláirí
- Tuismitheoirí
- An Pobal

An Cur chuige Taighde (Staidéir 1-5)

- Ceistneoirí (ceistneoirí ar líne do na hiar-bhunscoileanna)
 - príomhoidí/múinteoirí
 - daltaí/scoláirí (má oireann)
 - tuismitheoirí — Gach scoil (Staidéir 1-5)
- Cás-staidéir FTO (8 mbunscoil; 8 iar-bhunscoil) (doiciméid san áireamh)
- Agallaimh (príomhoidí nach bhfuil ag múineadh)
- Fócas-ghrúpaí – múinteoirí / daltaí/ scoláirí /tuismitheoirí
- Cruinnithe poiblí (nasc leis na coistí áitiúla don phleanáil teanga)
- Trialacha (Staidéir 1-3, 5)
- Anailís ar scóir sna trialacha caighdeánaithe (Gaeilge, Béarla, Mata) agus sna scrúduithe náisiúnta (2019-2022)

Na Trialacha

- Staidéar 1 (N. Shóisearacha go Rang 1 nó 2)
 - Bealtaine 2020 – Triail ar an Luath-litearthacht (Sampla) (bunaithe ar *Drumcondra Test of Early Literacy Skills?*)
 - Bealtaine 2020 – Triail ar an Éisteacht/Labhairt (Sampla) (Triail bunaithe ar *Student Oral Proficiency Assessment*)
 - Bealtaine 2021 – Triail ar an Éisteacht/Labhairt (Sampla)
- Staidéar 2 (An Chéad Bhliain go dtí an Tríú Bliain)
 - Bealtaine 2020 – Triail ar an Léitheoireacht (ar Líne) (na scoláirí uile)
 - Samhain 2021 – Triail san Éisteacht/Labhairt (Sampla) (Triail Teastas Eorpach na Gaeilge?)
- Staidéir 4-5 (Rang 6 – 2020), Rang 4 (2021)
 - Márta/Aibreán – Triail ITE (athbhreithnithe)

Na Trialacha (ar lean)

- Iarratas a chur isteach don ROS chun teacht ar thorthaí na dtrialacha caighdeánacha ó 2019 go 2022
 - Anailís a dhéanamh ar na torthaí ó bhliain go bliain don Ghaeilge, don Bhéarla agus don Mhatamaitic (Ranganna 2, 4 agus 6).
 - Is ar leibhéal comhiomláin a bheidh na torthaí
- Iarratas a chur isteach don Choimisiún Scrúduithe Stáit chun teacht ar thorthaí na scoileanna Gaeltachta sna scrúduithe stáit, don Ghaeilge, don Bhéarla agus don Mhatamaitic

Am Clár – 2019

- Aibreán 2019 – Litir chuig scoileanna ag tabhairt fógra faoin taighde
- Aibreán 2019 – Ceistneoirí do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí scoláirí sa chéad bhliain
- Bealtaine 2019 – Ceistneoirí do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí na naíonán sóisearach
- Bealtaine/Meitheamh 2019 – Agallaimh le príomhoidí na mbunscoileanna
- Deireadh Fómhair 2019 – Agallaimh le príomhoidí na n-iarbhunscoileanna
- Deireadh Fómhair/Samhain 2019 - Píolótú na dtrialacha nua do na naíonáin shinsearacha agus Rang a Sé

Go raibh maith agaibh

- Ceisteanna?
- Aiseolas?
- sceim@erc.ie